# Comhairle Cathrach na Gaillimhe

# Taisteal Gníomhach agus Iompar Inbhuanaithe

Eanáir 2026



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# San eagrán seo

- Ardú ar an gcistíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2026
- Geata Bus Beartaithe – Bun a Chnoic / Cnoc an Óir
- Líonra Rothaíochta Bóthar Stiofáin
- Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin
- Trasrian Coisithe – Droichead na mBradán
- Obair maidir le Bealach Isteach - Cosán Siúlóide Thrá Bhaile an Locháin
- Gradam don Obair Athchóiriúcháin ar Acomhal an Chorráin / Bhóthar na Mara



# Fáilte curtha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh an méadú ar mhaoiniú an Údaráis Náisiúnta Iompair do thionscadail ghníomhacha taistil agus iompair phoiblí



Tá fáilte curtha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe roimh an méadú ar mhaoiniú chun cuidiú léi tionscadail iompair inbhuanaithe nua agus níos fearr a fhorbairt ar fud na cathrach. Tá leithdháileadh €11.6m fógartha ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) do réimse tionscnamh gníomhach taistil agus iompair phoiblí a fhorbróidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe in 2026. Tacóidh an maoiniú seo, a bhfuil €550,000 níos mó ann i mbliana i gcomparáid le 2025, leis an gComhairle leanúint d'infreastruchtúr nua agus níos fearr a chur ar fáil a chabhróidh le brú tráchta a laghdú agus a fhágfaidh go mbeidh Gaillimh ina timpeallacht níos sábháilte agus níos compordaí do choisithe agus do rothaithe.

Tá tacaíocht á tabhairt do shraith leathan tionscadal tábhachtach ar fud Chathair na Gaillimhe tríd an tráinse maoinithe seo, lena n-áirítear €9.5 milliún do thionscadail Taistil Ghníomhaigh i nGaillimh in 2026. Áirítear ar na tionscadail sin:

- **Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Pháirc an Chaisleáin (€2.8 milliún) –** Leis an maoiniú seo beifear in ann an tionscadal seo a chur i gcrích, a chuirfidh lánaí rothaíochta tiomnaithe feadh an dá bhóthar mar aon le háiseanna níos fearr do shiúlóirí, do rothaithe, daoine a úsáideann deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus daoine a bhíonn ag taisteal ar an mbus. Tá sé beartaithe an tionscadal seo a chur i gcrích i R3 2026.

# Ardú ar an gcistíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2026

- **Tionscadal Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Stiofáin (€1.7 milliún)** – Cuirfear áiseanna nua rothaíochta agus siúil ar fáil feadh Bhóthar Stiofáin faoin tionscadal seo, agus ceanglófar raon limistéar cónaithe le moil fostaíochta agus saoráidí spóirt. Tá an obair ar an scéim seo ag dul ar aghaidh de réir an sceidil agus tá siad ar an mbóthar ceart lena cur i gcrích i R3 2026.

- **Scéim Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Dáileacháin an Iarthair (€875,000)** – Cuirfidh an maoiniú seo ar chumas an tionscadail dul chun cinn a dhéanamh trí dhearadh mionsonraithe agus i dtreo na tógála. Cuirfear lánaí rothaíochta nua ar fáil ar feadh 3km de Bhóthar Dáileacháin an Iarthair faoin scéim seo, lena n-áirítear uasghrádú ar an lána rothaíochta éigeantach atá ann cheana. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair thógála in 2026.

Tá gach ceann de na tionscadail sin cómhaoinithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach an rialtais.

Ina theannta sin, áirítear leis an maoiniú don taisteal gníomhach €310,000 chun an clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS) a leathnú, clár atá deartha chun an oiread daltaí agus scoláirí agus is féidir i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a spreagadh a bheith ag siúl, ag rothaíocht nó ag baint úsáid as deiseanna a bhfuil rothaí orthu. Leithdháileadh maoiniú ar naoi scoil, a rinne iarratas cheana féin le bheith páirteach i gclár SRTS, agus leithdháileadh €50,000 an ceann ar thionscadail ar leithligh ag:

- Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig
- Scoil St. John the Apostle, Cnoc na Cathrach
- Meánscoil Choláiste Éinde
- Gaelscoil Dara, An Rinn Mhór
- Coláiste Iognáid
- Scoil Speisialta Naomh Seosamh agus Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile na Gaillimhe.

Bronnadh €5,000 an ceann freisin ar oibreacha i mBunscoil an Chladaigh agus i nGaelscoil Mhic Amhlaigh, a fógraíodh le déanaí mar chuid de Bhabhta 4 de SRTS. Cuirfidh an t-airgead seo ar a gcumas réamhobair a dhéanamh le haghaidh scéimeanna amach anseo a bheidh le tógáil ag na scoileanna seo.

# Ardú ar an gcistíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair sa bhliain 2026

Cuirfidh an maoiniú ar a gcumas freisin iarratas ar thoiliú reachtúil a ullmhú maidir le tionscadail nua bhreise ar Bhóthar Mhuine Mheá, Bóthar Sheantalaimh agus Bóthar an Chlaí Bháin.  Leithdháileadh maoiniú breise (€200,000) freisin chun rialuithe rochtana breise (geataí aonfhir mar a thugtar orthu) a bhaint anuas in áiteanna ar fud na cathrach, ag leanúint leis an obair a rinneadh le déanaí in áiteanna lena n-áirítear Baile an Locháin, an Pháirc Theas agus Páirc Foraoise Thír Oileáin.

Anuas ar an infheistíocht mhór seo i dtaisteal gníomhach, tá €2.1 milliún breise leithdháilte ag an Údarás Náisiúnta Iompair ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe trí shruthanna maoinithe eile, rud a fhágann gur féidir feabhas a chur ar iompar poiblí sa gcathair. Áirítear leis seo €600,000 chun ciorcal casta bus buan nua agus áiseanna gaolmhara a thógáil ag Páirc Ghnó na Páirce Móire Thiar. Tacaíonn sé sin freisin le Bealach 409 níos faide agus le hAthdhearadh Líonra Bus na Gaillimhe. D'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú freisin chun dul chun cinn thionscadail Nasc Traschathrach agus Chonair Iompair Bóthair Bhaile Átha Cliath a cheadú, ar tionscadail iad atá fós á gcur chun cinn ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus a mbeidh ról lárnach acu maidir le bonneagar iompair na cathrach a fheabhsú.

Chuir Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Mike Cubbard fáilte roimh an mborradh maoinithe ilmhilliún euro seo don chathair.  “Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an rialtas as an infheistíocht ilmhilliún euro seo i mbonneagar na Gaillimhe. Spreagfaidh na forbairtí seo níos mó daoine chun taisteal gníomhach nó iompar poiblí a roghnú agus cuideoidh siad linn leanúint ar aghaidh ag forbairt na cathrach ar bhealach inbhuanaithe. Molaim go mór obair na Rannóige Taistil Ghníomhaigh go dtí seo, agus táim ag tnúth le fáilte a chur roimh thuilleadh dul chun cinn sa bhliain seo amach romhainn.”

Ar bhonn náisiúnta, fógraíodh €360 milliún san iomlán i maoiniú Rialtais do Thaisteal Gníomhach agus Glasbhealaí in 2026. Tá an infheistíocht seo ón Údarás Náisiúnta Iompair tiomanta do thionscadail siúil agus rothaíochta a fhorbairt a chuireann roghanna iompair sábháilte, inbhuanaithe agus sláintiúla ar fáil do phobail ar fud na tíre. Táthar ag súil go gcuirfear 200km d'infreastruchtúr siúil agus rothaíochta i gcrích i mbliana, i gcomhréir leis an sprioc atá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Is féidir an t-eolas ar fad faoin bhfógra maoinithe seo ón Údarás Náisiúnta Iompair **a fháil ag an nasc seo.**

## Table A: Galway City Council

Active Travel Investment Grants: 2026 Allocations

## Galway City Council

| Project Code | Project Name | 2026 Allocation |
|---|---|---|
| GCC/18/0004 | Martin Junction Upgrade | € 130,000 |
| GCC/19/0001 | Salmonweir Pedestrian & Cycle Bridge | € 200,000 |
| GCC/19/0007 | On Street Cycle Parking | € 10,000 |
| GCC/20/0006 | Cresent Rd / Sea Road Junction Upgrade | € 30,000 |
| GCC/22/0002 | Galway City Council Active Travel Office Staff Costs | € 1,100,000 |
| GCC/22/0004 | Ballybane & Castlepark Active Travel Scheme | € 2,800,000 |
| GCC/22/0006 | South Doughiska Active Travel Scheme | € 20,000 |
| GCC/22/0009 | Access Controls Audit | € 200,000 |
| GCC/23/0007 | Spanish Arch & Dock Road/Merchants Rd Upgrade | € 50,000 |
| GCC/23/0008 | St. Josephs / GETNS Safe Routes to School | € 50,000 |
| GCC/23/0010 | NTA Regional Project Office | € 105,000 |
| GCC/24/0003 | Western Distributor Road Active Travel Scheme | € 875,000 |
| GCC/25/0005 | Monivea Road Active Travel Scheme | € 225,000 |
| GCC/25/0006 | SRTS R2 Colaiste Iognaid, Br. Na Mara | € 50,000 |
| GCC/25/0007 | SRTS R2 Gaelscoil Dara, Renmore | € 50,000 |
| GCC/25/0010 | Shantalla Rd - Traffic Management/Active Travel | € 180,000 |
| GCC/25/0024 | Cross Street Rejuvenation | € 130,000 |
| GCC/25/0025 | Lombard Street Rejuvenation | € 360,000 |
| GCC/25/0004 | Bothair Stiofain Active Travel Scheme | € 1,700,000 |
| GCC/22/0003 | Clybaun Road Active Travel Scheme | € 500,000 |

# Active Travel Investment Grants: 2026 Allocations

## Galway City Council

| Project Code | Project Name | 2026 Allocation |
|---|---|---|
| GCC/25/0012 | SRTS R3 Colaiste Einde Secondary School | € 50,000 |
| GCC/25/0013 | SRTS R3 St John the Apostle Knocnacarra NS | € 50,000 |
| GCC/25/0014 | SRTS R3 St Patricks NS Galway City | € 50,000 |
| GCC/26/xxxx | Quietways City Centre | € 75,000 |
| GCC/26/xxxx | SRTS R4 Claddagh primary school | € 5,000 |
| GCC/26/xxxx | SRTS R4 Gaelscoil Mhic Amhlaigh | € 5,000 |
| GCC/26/xxxx | TFI Bike Infrastructure Replacement | € 500,000 |
| | | |
| | **Subtotal:** | **€ 9,500,000** |

## Galway City Council

| Project Code | Project Name | 2026 Allocation |
|---|---|---|
| | Allocations Through Other NTA Funding Streams | |
| GCC/17/0001 | Cross City Link | € 500,000 |
| GCC/18/0001 | Dublin Road Transport Corridor | € 100,000 |
| GCC/19/0006 | Bus Priority within Urban Traffic Management Controls | € 400,000 |
| GCC/23/0005 | Parkmore Road Bus Priority Scheme | € 600,000 |
| GCC/25/0019 | Bus Stop Enhancement Programme | € 500,000 |
| | | |
| | **Subtotal:** | **€ 2,100,000** |
| | | |
| **Total:** | | **€11,600,000** |

# Líonraí Rothaíochta Bhóthar Stiofáin - Tús curtha leis an Obair





Tá tús curtha arís leis an obair thógála ar Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofáin tar éis na Nollag. Tá tromlach na hoibre ar Chéim 1 curtha i gcrích anois agus tá an cosán ar an taobh thoir oscailte anois. Táimid ag obair anois ar an taobh thiar den bhóthar. Beidh orainn, faoin gcéad chéim eile den obair, an lána atá ag dul ó dheas ar Bhóthar Stiofáin a dhúnadh ar feadh deich seachtaine, ag tosú Dé Céadaoin an 21 Eanáir.

Bbeidh an Lána atá ag dul ó Dheas dúnta 24 uair an chloig idir an acomhal Bhóthar Rathúin agus an bealach isteach chuig Páirc Siopadóireachta Gateway.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ón nasc seo.**

## Cad a chuirfear ar fáil

- Tógfar bonneagar nua siúil agus rothaíochta feadh fhad iomlán Bhóthar Stiofáin, is é sin 870m, ó Bhóthar Rathúin go dtí Bóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Tógfar cosáin nua agus uasghrádaithe mar chuid den scéim seo.
- Tógfar rianta rothaíochta nua a bheidh deighilte go hiomlán ar an dá thaobh den bhóthar.
- Tógfar ceithre chrosaire coisithe ardaithe nua (séabra), agus coinneofar an crosaire atá ann cheana ag an mbealach chuig timpeallán Bhóthar Dáileacháin an Iarthair.
- Laghdófar leithead an bhóthair de réir na bpleananna ceadaithe.
- Déanfar an soilsiú poiblí atá ann cheana a uasghrádú.
- Cuirfear crainn nua feadh codanna den bhóthar.

# Geata Bus Beartaithe – Bun a Chnoic / Cnoc an Óir







D’fhoilsigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar tháinig de thoradh ar an mbeart comhairliúcháin poiblí a eagraíodh le gairid faoin togra maidir le geata busanna a chur isteach ag Bun a’ Chnoic agus Cnoc an Óir.

Is togra é seo, nach bhfuiltear ach ag tús na hoibre ina leith, a gcuirfeadh an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistíocht ar fáil lena aghaidh agus a d’fhónfadh do leathnú ar Chóras Busanna na cathrach. Tá sé á leagan amach d’fhonn síneadh a chur le Bealach 3 agus seirbhís níos fearr a chur ar fáil do na daoine a chónaíonn le Bóthar Leitrí agus leis an gCuarbhóthar.

Eagraíodh beart comhairliúcháin poiblí i mí na Samhna agus mí na Nollag 2025 a bhfuarthas beagnach 70 freagra mar gheall air. Tá tuairisc achomair curtha le chéile ag an Rannóg maidir le Taisteal Gníomhach i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus **tá sé sin ar fáil ach cliceáil ar an nasc seo**.

Seoladh an tuairisc sin chuig an Údarás Náisiúnta Iompair, atá i mbun ceannródaíochta maidir le hAthchóiriú Chóras Busanna na Gaillimhe, agus tiocfaidh an fhorbairt ar an gcuid seo de chóras nua busanna na Gaillimhe faoina anáil.

# Scéim Ghréasán Rothaíochta Bhóthar an Bhaile Bháin agus Bhóthar Pháirc an Chaisleáin



Tá dul chun cinn mór déanta leis an obair thógála atá ar siúl ar Bhóthar an Bhaile Bháin agus ar Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.

Tá an conraitheoir ag leanúint den obair leis an taobh thiar de Bhóthar an Bhaile Bháin agus an taobh ó thuaidh de Bhóthar Pháirc an Chaisleáin, tar éis an obair ar chosáin an taobh eile den dá bhóthar a thabhairt chun críche roimhe sin. Tá tuairim is 80% den obair ar na cosáin agus na bealaí rothaíochta nua curtha i gcrích agus cead cos ar an gcuid is mó de na cosáin faoi seo.

Cuirfear pábháil nua ar an mbóthar i ndiaidh na hoibre sin. Tá obair an tionscadail ag dul ar aghaidh go tráthúil i gcónaí agus súil lena thabhairt chun críche i rith R3 2026.

Tá scáthláin nua curtha isteach ag stadanna bus ar feadh an dá bhóthar agus leasú déanta ar línte marcála mar a dtagann Bóthar an Bhaile Bháin agus Bóthar Pháirc an Chaisleáin le chéile. Cé gur línte sealadacha atá marcáilte go fóill, tá siad ag teacht lena mbeidh ar fáil amach anseo agus é leagtha amach go críochnúil go mbeidh lánaí chun casadh ar dheis agus casadh ar chlé ar Bhóthar Pháirc an Chaisleáin ag an acomhal le Bóthar an Bhaile Bháin.

Déanfar uasghrádú, san iomlán, ar 19 acomhal aonair ina mbeidh trasrianta coisithe ardaithe agus trasrianta lánaí rothaíochta díreach tríd chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí rothaithe. Rachaidh an scéim chun tairbhe do shiúlóirí agus do rothaithe chomh maith trí acomhal a bhfuil comharthaí orthu agus 13 trasrian coisithe a thabhairt isteach. Tá 15 stad bus á dtógáil chomh maith.

# Trasrian Coisithe – Droichead na mBradán



Cuireadh tús arís leis an obair thógála ar thrasrian coisithe nua ag Droichead na mBradán i mí Eanáir tar éis shaoire na Nollag.

Tá an obair ag dul ar aghaidh go maith. Tá an obair thógála ar an taobh ó thuaidh den droichead beagnach críochnaithe agus ar an taobh ó dheas, tá cead tráchta ar na bealaí ag lucht siúil agus rothaíochta. Táthar ag obair i gcónaí maidir le bainistíocht tráchta agus beidh roinnt oibre á dhéanamh san oíche i rith na seachtainí seo amach romhainn ionas gur féidir dromchla nua a chur ar an mbóthar.

Tá leagtha amach go mbeidh mórchuid mhór an obair thógála críochnaithe i rith mí Feabhra 2026 agus go mbeidh an bealach nua trasna i bhfeidhm ón tráth sin.

Is éard atá i gceist le Tionscadal Thrasrian Coisithe Dhroichead na mBradán ná trasrian sealadach do choisithe a thógáil trasna Bhóthar na hOllscoile (an R863) ag Ardeaglais na Gaillimhe. Is trasrian túcánach a bheidh anseo (i.e. trasrian atá rialaithe ag comharthaí do choisithe, do dhaoine atá ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu, agus do rothaithe). Ceanglóidh an trasrian an cosán ar Bhóthar na hOllscoile, in aice le Garraí an Iascaigh, le Droichead an Dóchais agus feabhsófar an tsábháilteacht do gach úsáideoir bóthair.

# BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath



Ar an 11 Nollaig 2025, d’fhoilsigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe fógra arna chur in iúl go bhfuil rún an tOrdú Ceannacháin Éigeantaigh (OCÉ) á dheimhniú maidir le tionscnamh BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath.

D’aontaigh an Coimisiún Pleanála leis an ordú seo i mí Meán Fómhair 2025, chomh maith le toiliú reachtúil a thabhairt leis an tionscadal féin a thabhairt i gcrích.

Déanfaidh an OCÉ freastal don tionscadal tábhachtach seo a thabhairt ar aghaidh. Mar chuid den obair maidir le deimhniú an OCÉ, scríobh Comhairle Cathrach na Gaillimhe chuig na geallsealbhóirí ar fad, na húinéirí talún a mbaineann sé leo san áireamh.

Is é atá i gceist le tionscadal BusConnects na Gaillimhe: Bóthar Bhaile Átha Cliath, conair leanúnach phleanáilte d’áiseanna ardchaighdeáin iompair phoiblí, coisíochta agus rothaíochta ag rith ar feadh bhóthar R338 Bhaile Átha Cliath. Beidh an bealach 3.9km seo, a shíneann ón taobh thoir d’Acomhal Mhóinín na gCiseach go dtí Acomhal Dhabhach Uisce, in aice le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Ospidéal Bon Secours chomh maith le scoileanna agus áiseanna eile. Cuirfidh na saoráidí bus nua, a mbeidh lánaí bus tiomnaithe breise sa dá threo agus stadanna bus feabhsaithe mar chuid de, turais níos iontaofa agus níos compordaí ar fáil do chomaitéirí. Trí bhonneagar taistil ghníomhaigh a sholáthar, lena n-áirítear rianta rothar leithscartha agus saoráidí uasghrádaithe do choisithe, beifear in ann na turais a dhéanamh níos sábháilte agus níos compordaí do shiúlóirí, do dhaoine a úsáideann deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus do rothaithe.

# Obair maidir le Bealach Isteach - Cosán Siúlóide Thrá Bhaile an Locháin






Thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe obair chun críche roimh an Nollaig d'fhonn bealach níos áisiúla chuig an gcosán siúlóide ag Trá Bhaile an Locháin. Tugadh chun bealaigh geata teagmhála a bhíodh roimhe seo in aice le droichead an bhóthair iarainn agus cuireadh cóir nua ar an bpábháil thadhlach. Rinneadh athchóiriú freisin ar na línte marcála ar Bhóthar Bhaile an Locháin agus ar an gcosán siúlóide.

Tá feabhas leis an gcóir nua ar chúrsaí sábháilteachta agus beidh an lucht úsáide ar fad, iadsan atá i gcathaoir rothaí san áireamh, in ann bealach a dhéanamh níos furasta agus níos áisiúla go dtí an cosán siúlóide agus chuig an trá.

John Madden & Sons Ltd. a rinne an obair thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuireadh cistí ar fáil lena aghaidh faoi Chiste an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le Taisteal Gníomhach.

# Gradam don Obair Athchóiriúcháin ar Acomhal an Chorráin / Bhóthar na Mara




Tá gairdíní báistí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, an chéad uair ag an gComhairle tabhairt faoina leithéid, ar ghearrliosta maidir le gradam náisiúnta.

Tá togra Athchóiriúcháin Acomhal an Chorráin / Bhóthar na Mara, arna thabhairt i gcrích ag Rannóg na Comhairle maidir le Taisteal Gníomhach, ainmnithe don ghradam maidir leis an Tionscnamh Iompair Pobail is Fearr ag Gradaim Pobail & Comhairle Uile-Éireann LAMA a bheidh ar siúl an mhí seo chugainn.

Cuireadh dhá ghairdín báistí nua ar fáil faoin togra chomh maith le bearta feabhsúcháin maidir le sábháilteacht do lucht úsáide an bhóthair. Cuireadh feabhas freisin ar áiseanna do lucht coisíochta agus rothaí, crosaire nua do choisithe agus cosán nua leis an gCorrán san áireamh, áit nach mbíodh aon chosán go dtí sin.

Faoi Chlár Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair a maoiníodh an tionscadal seo.

Is féidir físeán le hamharc ón aer den scéim a bhreathnú ar **Leathanach Facebook Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.**



**Go raibh maith agaibh as é seo a léamh. Bíonn fáilte i gcónaí roimh aiseolas agus ceisteanna.**

**ActiveTravel@GalwayCity.ie**
**091 536400**

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority